



An 18 Eanáir 2021

Maidir le: Clárú Seirbhísí ar Aois Scoile a Chríochnú

A Sholáthraí, a chara,

Tá súil agam go bhfuil tú féin agus gach duine i do sheirbhís i mbarr bhur sláinte i rith na tréimhse dúshlánaí seo. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun nuashonrú a thabhairt duit maidir le clárú do sheirbhíse ar aois scoile a chríochnú.

Mar is eol duit, iarrtar ar sheirbhísí ar aois scoile clárú le Tusla ó 2019 agus rinne go leor seirbhísí é sin ag an tráth sin. Chun cabhrú le soláthraithe a oibríonn seirbhís réamhscoile, tugadh tús áite do chlárúcháin réamhscoile a athnuachan, agus tá clárú seirbhísí ar aois scoile le críochnú níos déanaí. Bhí súil leis go mbeadh na hiarratais ar sheirbhísí ar aois scoile a chlárú críochnaithe go luath i samhradh 2020 ach cuireadh seo siar mar gheall ar Covid-19.

Chun an chéim thosaigh seo de sheirbhísí ar aois scoile a chlárú, táim ag scríobh anois chuig gach duine aonair/seirbhís agus bhfuil iarratais oscailte acu chun iad a chur ar an eolas ar an spriocdháta deiridh ar gá dóibh a n-iarratas a dhéanamh faoi. Tabhair faoi deara, le do thoil, caithfidh gach iarratas oscailte a bheith críochnaithe faoi **Dé hAoine, an 16 Aibreán 2021**. Seo an spriocdháta deiridh chun iad a sheoladh ar aghaidh agus spreagfainn thú an cháipéisíocht a theastaíonn a bheith líonta agus seolta ar aghaidh roimh an spriocdháta seo le dóthain ama a chur ar fáil chun aon rud a dhéanamh is gá a fhiosrú. Mura bhfuil d'iarratas críochnaithe agat faoin dáta seo, measfar nár oibrigh tú seirbhís ar aois scoile, agus dúnfar d'iarratas. Sa chás seo, beidh iarratas nua ar chlárúchán ag teastáil ina dhiaidh sin.

Ba cheart na cáipéisí go léir a sheoladh ar aghaidh tríd an tairseach iarratas. Cuireadh ar an eolas thú cheana féin, i ndiaidh measúnú a dhéanamh ar d'iarratas, ar an gcáipéisíocht go léir nár seoladh ar aghaidh go dtí seo agus is gá a sheoladh ar aghaidh. Ní phróiseálfar ach iarratais chomhlánaithe a ngabhann an cháipéisíocht cheart tacaíochta leo mar gheall nach mbeidh ar chumas na bhfoirne iarratais measúnú a dhéanamh ar cháipéisíocht ar bhonn páirteach. Chun go nglacfar le d'iarratas, caithfidh na beartais a sheol tú ar aghaidh a bheith ar aon dul leis an treoir ábhartha ar líne. Anuas air sin, caithfear Ráiteas um Chosaint Leanaí a chomhlíonann ceanglais Chuid 11(3) den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, a chur san áireamh le d'iarratas. Ba cheart go mbeadh na ráitis seo cothrom le dáta agus níor cheart go mbeadh dáta níos faide ná 24 mí orthu.

Féach an méid thíos, le do thoil, ar mhaithe le cabhair a thabhairt duit

1. [https://www.tusla.ie/uploads/content/School Age Childcare Policies Registration Checklist version 1.02.pdf](https://www.tusla.ie/uploads/content/School_Age_Childcare_Policies_Registration_Checklist_version_1.02.pdf)
2. <http://childsafeguardingelc.ie/resources-publications/>

Tá sé bunriachtanach tús áite a thabhairt don phróiseas clárúcháin a chríochnú. Caithfidh gach seirbhís ar aois scoile a bheith ar an gclár seirbhísí ar aois scoile chun oibriú. Má tá seirbhís réamhscoile agus seirbhís ar aois scoile á n-oibriú agat, caithfidh tú an dá cheann a chlárú.

Tá an fhoireann clárúcháin seirbhísí ar aois scoile ar fáil chun aon chúnamh a thabhairt a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait sa phróiseas seo, nó chun aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat a fhreagairt.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leo trí:

- Ríomhphost – sac.registration@tusla.ie
- Guthán – 061 461715

Tá treoir ar fáil freisin chun cabhrú leat, atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin www.tusla.ie nó ar an tairseach.

Tá cúnaimh breise maidir le d'iarratas ar chlárú ar fáil freisin ó do Choiste Cúram Leanaí Contae/Cathrach áitiúil ag www.myccc.ie.

Tá súil agam go mbeidh Athbhliain faoi Athbhliain faoi shéin agus faoi mhaise agaibh go léir.

Is mise, le meas,

Jane Hayes
Bainisteoir Clárúcháin Eatramhach,
Luathbhlianta,
Rialáil Seirbhísí Leanaí,
An Stiúrthóireacht um Dhearbhú Cáilíochta,
An Dara hUrlár, Teach an Inbhir, Luimneach